C/2025/1151

17.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11883 – CDPQ / DIGITALBRIDGE / YONDR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1151)

1. An 6 Feabhra 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Caisse de dépôt et placement du Québec ('CDPQ', Ceanada),

— Cistí atá á mbainistiú agus á rialú ag cleamhnaithe DigitalBridge Group, Inc. ('DigitalBridge', SAM),

— Yondr Group Ltd ('Yondr', an Ísiltír), atá faoi rialú DigitalBridge faoi láthair.

Gheobhaidh CDPQ agus DigitalBridge rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Yondr ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir institiúideach fadtéarmach é CDPQ a bhainistíonn cistí a thaisceoirí, cistí arb iad a bhformhór pleananna pinsin poiblí agus paraphoiblí agus pleananna árachais ó Québec,

— Is gnólacht tiomnaithe infheistíochta bonneagair dhigitigh ar scála domhanda é DigitalBridge a infheistíonn i gcúig phríomhréimse: (i) lárionaid sonraí; (ii) crainn chumarsáide; (iii) líonraí snáithíní; (iv) mionchealla; agus (v) bonneagar imeall-ríomhaireachta.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Yondr: Díríonn gníomhaíochtaí Yondr go príomha ar acmhainneacht lárionaid sonraí a sholáthar do chuideachtaí móra teicneolaíochta. Faoi láthair oibríonn nó forbraíonn Yondr acmhainneacht lárionaid sonraí ar conradh in Amstardam, Londain, Frankfurt, SAM, Ceanada, an India agus an Mhalaeisia.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11883 – CDPQ / DIGITALBRIDGE / YONDR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË